Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 31 Deireadh Fómhair 2017
(OR. fr)

13654/17

**Comhad Idirinstitiúideach: 2016/0261 (COD)**

CODEC 1681
CORDROGUE 136
DROIPEN 145
JAI 963
SAN 374

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1920/2006 a mhéid a bhaineann le malartú faisnéise maidir le substaintí sícighníomhacha nua, agus le córas luathrabhaidh agus nós imeachta measúnaithe riosca maidir leo (**an chéad léamh**)<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. An 30 Lúnasa 2016, chuir an Coimisiún an togra[1], atá bunaithe ar Airteagal 168(5) CFAE, ar aghaidh chuig an gComhairle.

2. Thug an Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta a thuairim uaidh ar an 19 Deireadh Fómhair 2016[2]. Chuathas i gcomhairle le Coiste na Réigiún.

3. An 24 Deireadh Fómhair 2017, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstitiúidí air, agus dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh glacadh ag an gComhairle leis[3].

[1] 11520/16.
[2] IO C 34, 2.2.2017, lch 182.
[3] 13551/17.

4. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá réir sin, a dheimhniú go n-aontaíonn sé leis sin agus iarrtar air a mholadh don Chomhairle seasamh Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE-CONS 26/17, a fhormheas mar mhír "A" ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo.

Má fhormheasann an Chomhairle seasamh Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, déanfar é a fhoilsiú in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.